

FÓGRA LÁITHREÁIN

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8

Iarratasóir: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Rannóg Cultúir, Áineasa agus Seirbhísí Eacnamaíochta

Suíomh: Feistiú Chathair Bhaile Átha Cliath, Cé Theach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1

Togra:

De bhun cheanglais na reachtaíochta thuas, tugtar fógra leis seo maidir leis an bhforbairt a bheartaítear ag an láithreán atá suite ag Feistiú Chathair Bhaile Átha Cliath, Cé Theach an Chustaim, ar struchtúr pontúin atá ann cheana féin in aice le foirgneamh oifige reatha Cheantar na nDugaí, Baile Átha Cliath.

Beidh na gnéithe seo a leanas i gceist leis an bhforbairt a bheartaítear:

- Clárchosán sínte agus balastráid ghloine (4.2 méadar ar leithead), a nascfaidh leis an gclárchosán (1.8 méadar ar leithead) a ceadaíodh, agus a bheidh ardaithe os cionn leibhéal déanmhais chosanta Bhalla na Cé.
Achar beartaithe: 495 méadar cearnach san iomlán.
- An stangairt atá ann cheana (N.01) a athlonnú níos faide Soir de réir na líníochtaí.
An stangairt atá ann cheana féin = thart ar 22 méadar ar fad agus 2 mhéadar ar leithead.
- Na pontúin atá ann cheana féin a athlonnú agus a bhaint agus seacht bpontún bheartaithe a chur in ionad na bpontún atá ann cheana féin, mar aon le forscáth ag a bhfuil díon gloinithe.
Pontún atá ann cheana féin (C): achar athlonnaithe de 80 méadar cearnach
Pontúin atá ann cheana féin (A, B agus D): achar bainte de 239 méadar cearnach
Achar pontún beartaithe: 486 méadar cearnach san iomlán.
Achar an fhorscátha ghloinithe: 121 méadar cearnach
- Stangairt bheartaithe (N.02) agus ardán a nascfaidh leis an gclárchosán sínte agus dhá phontún nua a chur in ionad an phontúin atá ann cheana féin, mar aon le forscáth ag a bhfuil díon gloinithe.
Stangairt = 24 méadar ar fad agus timpeall 1.8 méadar ar leithead
Achar an ardáin = 6 mhéadar chearnacha
Achar an phontúin atá ann cheana féin (E) = 80 méadar cearnach
Achar an dá phontún bheartaithe = 159 méadar cearnach
Achar an fhorscátha ghloinithe = 37 méadar cearnach

Féadfar na pleananna agus na sonraí i dtaobh na forbartha beartaithe a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 24/01/2024**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Cuntar Poiblí, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, ó Luan go hAoine idir 9.00am agus 4.30pm (seachas Laethanta Saoire Bainc).

Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, tá sé socraithe ag an Údarás Áitiúil nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá molta ar an gcomhshaol, agus mar sin, níl gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta.

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30pm ar an **24/01/2024**.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach ar líne freisin ar Citizen Space <https://consultation.dublincity.ie> roimh 23.59 uair a chloig ar 24/01/2024